Réamhaisnéis na haimsire

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar réamhaisnéis na haimsire ar ball.

Féach ar an mhír uair amháin. Cé mhéad den eolas a d'éirigh leat a thuiscint, bunaithe ar na pictiúir agus ar eolas ar bith eile a bhí agat cheana féin?

Ceist 2 Seo stór focal a bhí le cloisteáil sa mhír. Ag obair leis an duine in aice leat ceanglaígí na focail ar chlé leis na focail ar dheis:

chill factor	**gruama**
dull	**geallta**
brief showers	**salachar báistí**
promised	**múiríní**
drizzle	**goimh**
very cold (skinning)	**brádán**
drizzling rain	**feannta**

Ceist 3 Ceangal an aimsir oiriúnach do gach tréimhse ama luaite thíos:

1. Oíche anocht	(a) Gruama agus brádán geallta. 13°C.
2. Tráthnóna amárach	(b) Múiríní báistí, gaoth fheannta agus idir 7°C agus 12°C.
3. Oíche amárach	(c) Scamallach, salachar báistí, brat trom báistí ag teacht Déardaoin. Drochaimsir.
4. Meán lae amárach	(d) Brat gruama báistí, gaofar agus feannta. Idir 5°C agus 10°C.
5. An chéad chúpla lá ag teacht	(e) Tirim ar dtús, scamallach, an bháisteach ag teacht. Idir 6°C agus 9°C.

1	2	3	4	5

Ceist 4 "*an ghaoth aduaidh*"

Féach ar an sampla agus líon na bearnaí:

an ghaoth aduaidh: tagann sí ón tuaisceart.
an ghaoth anoir: _____
an ghaoth aneas: _____
an ghaoth aniar: _____
an ghaoth aniar aduaidh: _____
an ghaoth anoir aneas: _____
an ghaoth aniar aneas: _____

Ceist 5 Cuir na nathanna cainte thíos in abairtí lena mbrí a léiriú:

aniar aduaidh
aniar aneas
Caith siar é!
Cuireann sé soir mé!

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Cad is breá leat a dhéanamh nuair a bhíonn sé ag cur báistí?
An bagairt é téamh domhanda ar do shaol anois. Más ea, conas?
An síleann tú go bhfuil aimsir na hÉireann ag athrú le cúpla bliain anuas? Conas?
Dá mbeifeá in ann bogadh go dtí aon tír ar an domhan, cá rachfá? Cén fáth?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Cuir an mhír ar siúl uair amháin le seans a thabhairt do na foghlaimeoirí an *gist* a fháil.

Ceist 2

chill factor:	**goimh**
dull:	**gruama**
brief showers:	**múiríní**
promised:	**geallta**
drizzle:	**brádán**
very cold (skinning):	**feannta**
drizzling rain:	**salachar báistí**

Ceist 3

1	2	3	4	5
d	a	e	b	c

Ceist 4

an ghaoth aduaidh:	tagann sí ón tuaisceart.
an ghaoth anoir:	ón oirthear
an ghaoth aneas:	ón deisceart
an ghaoth aniar:	ón iarthar
an ghaoth aniar aduaidh:	ón iarthuaisceart
an ghaoth anoir aneas:	ón oirdheisceart
an ghaoth aniar aneas:	ón iardheisceart

Ceist 5

aniar aduaidh – tháinig sé aniar aduaidh orm – it surprised me.
aniar aneas – tháinig sé aniar aneas orm – it surprised me.
Caith siar é! – throw it back, drink it up.
Cuireann sé soir mé! – it really annoys me.

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Aoife Ní Thuairisg
Tá muid ag tosú amach anseo leis an aimsir inniu i mBaile na hAbhann. Ar maidin bhí goimh fuachta san aer, bhí sé gruama, chonaic muid múiríní báistí. Ach ansin, níos deireanaí tráthnóna d'fheabhsaigh sé agus d'éirigh sé níos gile agus an aimsir i bhfad níos deise an taobh seo tíre.

Anois, díreoidh muid isteach ar chúrsaí aimsire a bhfuil geallta anocht agus amárach. Anocht neart múiríní faraor agus brat gruama báistí os cionn na tíre agus an aimsir is measa sa leath thoir den tír agus corrmhúr ar fáil le cósta thiar na tíre moch ar maidin amárach agus ansin amach sa lá é geallta gruama go maith agus b'fhéidir corrmhúr trom in áiteanna ach neart brádán agus salachar báistí geallta tráthnóna amárach.

San oíche amárach ansin, bhuel, ag tosú amach tirim agus beagáinín scamallach le cósta thiar na tíre ach brat báistí ag teacht isteach le cósta an iarthair tráthnóna amárach agus fágfaidh sé sin drochaimsir againn trasna na tíre.

Anocht ansin an teocht idir 5 chéim agus 10 gcéim Celsius atá geallta, beidh sé gaofar agus goimh fuachta san aer arís anocht agus an ghaoth sin ag séideadh aduaidh os cionn na tíre, geallta feannta go maith.

Amárach an teocht idir 7 gcéim agus 8 gcéim ar maidin. Ardóidh sé go dtí, b'fhéidir, trí chéim déag Celsius tráthnóna. Ní mórán é sin ach ar a laghad ní bheidh pioc gaoithe ann.

Agus ansin san oíche amárach idir 6 chéim agus 9 gcéim Celsius atá geallta ach an teocht ag titim b'fhéidir beagáinín níos ísle istigh i lár tíre, idir 3 chéim agus 4 chéim Celsius. Mar sin beidh sé sách fuar san oíche amárach.

Amárach ag an meán lae mar sin an teocht idir 7 gcéim agus 10 nó dhá chéim déag Celsius. Múiríní báistí geallta le cósta agus gaoth fheannta ag séideadh trasna na tíre le cósta ach go háirithe ach lá go maith istigh i lár tíre. Sin agaibh tuar na haimsire agus faraor ní dea-scéala é ach tá sé geallta scamallach go maith ar feadh an chéad chúpla lá eile, agus neart salachar báistí agus go deimhin san oíche amárach beidh brat trom báistí ag teacht os cionn na tíre agus á lorg ó cheann ceann na tíre Déardaoin agus drochaimsir geallta. Sin agaibh tuar na haimsire, tá tuilleadh eolais le féil ar an suíomh idirlín ag TG4.ie.